

Grúpa Forfheidhmiúcháin Chairt na nEalaíon san Oideachas

Réamhrá ón gCathaoirleach, an tOllamh John Coolahan:

Comhthéacs Athraitheach do na hEalaíona san Oideachas

Is deas an rud é nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis an gcéad abairt a bhí i dtuarascáil roimhe seo ar na healaíona in oideachas na hÉireann, “the arts have been neglected in Irish education”. Tá fianaise shuntasach ann anois go bhfuil, i gcúinsí comhaimseartha, na healaíona san oideachas i lár ré beo, bríomhar forbartha, le mórán dóchais don todhchaí. Príomhghné den chomhthéacs seo atá ag athrú ná an méid comhoibrithe, comhpháirtíochta, líonraithe agus páirtíocht le gníomhaireachtaí rannpháirteacha.

I measc na samplaí suntasacha de chineálacha nua comhoibrithe idir na gníomhaireachtaí ábhartha tá bunú Encountering the Arts in Education (ETAI) in 2015 mar eagraíocht le os cionn tríocha gníomhaireacht, atá ag feidhmiú anois faoina Bhord Stiúrthóirí nua. Tá féidearthacht mhór don todhchaí ag an bhforbairt seo. Tá fuinneamh nua faoin ngrúpáil Oideachas, Pobal agus For-rochtain na bhForas Cultúir Náisiúnta (ECO) agus cáipéis nua Creat Polasaí acu, a aontaíodh in 2015. Tá an grúpáil ag cur réimse leathan eispéaras samhlaíoch ealaíon agus cultúir atá ar ardchaighdeán ar fáil do leanaí agus ag cur saibhreas na bhforas iontach cultúir seo ar a súile dóibh. Tá gréasán do chomhpháirtíochtaí ealaíon bunaithe ag an gCumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (ATECI) agus deiseanna luachmhara sna réigiúin dhá bharr. Tá Straitéis nua do 2016 go 2025 curtha ar fáil ag an gComhairle Ealaíon. Tá Cuspóir 8 dírithe ar na healaíona do leanaí agus do dhaoine óga agus tá roinnt gealltanais láidir tugtha i ndáil leis seo. Sonraítear ann freisin go ndéanfaidh an Chomhairle a dícheall chun “forfheidhmiú iomlán na Cairte um na hEalaíona san Oideachas a bhaint amach”. Tá Ionad Cultúir Ark do leanaí ag déanamh ceiliúradh ar 21 bhliain ar an bhfód agus tá i gceist lena phlean straitéiseach nua go mbeadh tionchar níos mó aige do na healaíona san oideachas. Tá fianaise freisin d'fhuinneamh agus de ghníomhaíochtaí nua i mórán de na heagraíochtaí ealaíon do leanaí ar fud na tíre. Tá taithí agus saineolas tábhachtach ar na healaíona san oideachas carntha ag na gníomhaireachtaí seo agus is ionann iad is sócmhainn luachmhar náisiúnta a d'fhéadfadh barr a gcumais a bhaint amach ach maoiniú níos fearr a bheith curtha ar fáil dóibh.

An Chairt do na hEalaíona san Oideachas

Sa chomhthéacs sin, is forbairt shuntasach an Chairt do na hEalaíona san Oideachas, a seoladh in 2013, i ndáil leis an athrú cultúir atá faoi lánseoil. Is tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Chairt, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon. Is gealltanais gan fasach é seo ag na trí eintiteas/shraith ag obair i gcomhar lena chéile chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn. Leagtar amach naoi gcinn déag de chuspóirí sa Chairt. Agus na cuspóirí sin á gcur chun cinn acu, is mian le Grúpa Forfheidhmithe na Cairte a bhuíochas a léiriú as an deamhain, an comhoibriú agus an tacaíocht atá faighte aige ó eagraíochtaí agus ó pháirtithe leasmhara in earnálacha na n-ealaíon agus an oideachais. Léirítear an comhoibriú le rannpháirtíocht dheonach saineolaithe ó réimse leathan gníomhaireachtaí ealaíon agus oideachais ar choistí comhairleacha do chur chun cinn chuspóirí na Cairte. Chomh maith le cuspóirí na Cairte a chur chun cinn, feidhmíonn an Grúpa Forfheidhmithe mar ghníomhaireacht spreagúil, éascaithe agus thacúil agus í ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí leasmhara.



Tionscnamh na nEalaíon san Oideachas (AiE)-Comhpháirtíocht Mhúinteora/Ealaíontóra a fhiosrú mar Shamhail d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun Tacú le hOideachas Ealaíon agus é a Fheabhsú

Tairseach na nEalaíon san Oideachas

Seoladh Tairseach na nEalaíon san Oideachas, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn agus an phríomhacmhainn dhigiteach náisiúnta do na healaíona san oideachas, i mí na Bealtaine 2015. Cheana féin, tá ag éirí thar cionn léi. Ó dháta seolta an tsuímh go dtí deireadh mhí an Mhárta, thug 18,145 duine (in aghaidh an tseisiúin) cuairt ar an suíomh, agus breathnaíodh ar 43,295 leathanach, sin meán de bheagnach 4,000 leathanach in aghaidh na míosa. I gcomhthéacs na meán sóisialta agus na Tairsí, tá 757 ar Twitter, 620 ar Facebook, agus 468 cláraithe don Nuachtlitir. Breathnaíodh ar fhiseáin 1,796 uair go dtí seo. Mar ghníomhaireacht nua ar an láthair, is comhartha na figiúirí seo de leibhéal ard rannpháirtíochta ag páirtithe leasmhara sna blianta atá amach romhainn. Is féidir páirt a ghlacadh sa Tairseach ar dhá bhealach, mar chuiditheoir agus mar ghlacadóir, leis an bpríomhbhéim ar chaighdeán. Tá na pleananna don chéad tréimhse eile trí bliana do Thairseach na nEalaíon san Oideachas in áit anois, ag baint úsáide as taithe agus saineolas an Choiste Chomhairligh Eagarthóireachta ar a bhfuil daoine mór le rá.

Bhí ceiliúradh agus léiriú ar rath na Tairsí mar chuid de Lá Náisiúnta na nEalaíon san Oideachas, a tionóladh in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) ar an 23 Aibreán. Mar chuid de chlár an lae, ar ar fhreastail 200 rannpháirtí, bhí réimse cur i láthair, ceardlann, taispeántas agus seisiún plé. Cuireadh réimse de na healaíona do leanaí i láthair - drámaíocht, amharc-ealaíona, ceol, amhránaíocht, grianghrafadóireacht, scannáin agus ailtireacht. Bhí spiorad iontach dílseachta agus díocais le feiceáil ó na rannpháirtithe cumasacha a tháinig ann ó go leor áiteanna ar fud na tíre.



An Tionscadal ar Taispeántas "Finding our way"

Seisiún Leanúnacha Forbairt Foirne do Mhúinteoirí-Ealaíontóirí

Mórfhorbairt nua is ea an aird níos mó ar chabhrú le healaíontóirí agus le múinteoirí forbairt a dhéanamh le chéile ar a dtuiscint, a shaineolas agus a gcur i láthair cruthaitheach d'obair na n-ealaíon san oideachas do leanaí ag leibhéal éagsúla aoise. Ba thionscnamh suntasach de chuid na Grúpa Cairte i ndáil leis seo, in 2014, an clár ceannródaíoch a bhain le comhoibriú Múinteoirí / Ealaíontóirí maidir le forbairt leanúnach ghairmiúil. Cuireadh tús leis an scéim, "Comhpháirtíocht Mhúinteora/Ealaíontóra a fhiosrú mar Shamhail d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun Tacú le hOideachas Ealaíon agus é a Fheabhsú" i samhradh 2014 nuair a ghlac sé bhuíon de bheirt Mhúinteoirí/Ealaíontóirí Ceannais páirt i gclár forbartha gairmiúil agus pearsanta ar seal cónaitheach cúig lá.

Le linn na tréimhse Meán Fómhair 2014 go hEanáir 2015, tharla sé thionscadal ealaíon scoile i sé bhunscoil ar fud na hÉireann. Tugadh 20 uair an chloig ar fad do gach tionscadal; tugadh 6 cinn de na huairéanta sin do phleanáil leanúnach an tionscadail. Bhí na tionscadail i réimse foirmeacha ealaíne: amharc-ealaín (2), damhsa, drámaíocht, ceol agus liríocht (teanga agus na healaíona).



Gné thábhachtach den chomhoibriú idir múinteoirí agus ealaíontóirí is ea an meas a léiríonn siad ar shaineolas a chéile.

Bhí taighde lárnach sa tionscnamh comhpháirtíochta seo idir múinteoirí agus ealaíontóirí ó bunaíodh é. Bhí sé i gceist leis an bhfoghlaim a cuireadh i láthair sa Tuarascáil Taighde ar tugadh fúithi le linn Chéimeanna 1 agus 2, bunaithe ar na comhpháirtíochtaí múinteoirí/ealaíontóirí a scrúdaíodh, bonn eolais a chur faoi thionscnaimh chomhpháirtíochta amach anseo agus cur le forbairt agus inbhuanaitheacht gach comhpháirtíocht i scoileanna. I samhradh 2016, glacfaidh 21 mhúinteoir agus 21 ealaíontóir páirt i bpróisis foghlama chomhoibritheacha mar chuid den chlár oiliúna seo ar chomhpháirtíochtaí Múinteoirí/Ealaíontóirí. Cuirfear a thuilleadh leis an oiliúint san fhómhar nuair a chuirfear ar chumas na múinteoirí/ealaíontóirí a ghlac páirt sa chlár um Oiliúint d'Oiliúnóirí, tabhairt faoi chlár cónaitheach i scoileanna na múinteoirí faoi seach.

Tá sé i gceist go mbeadh ar chumas gach Ionad Oideachais an tsamhail seo a chur i bhfeidhm go háitiúil agus go réigiúnach sna blianta atá amach romhainn trí phleanáil straitéiseach a chuireadh comhar agus comhoibriú leis na heagraíochtaí éagsúla ealaíon, na hinstiúidí oideachais agus pobail na scoileanna. Tá forbairtí suntasacha tarlaithe freisin do na healaíona san oideachas d'oideachas tosaigh do mhúinteoirí. Tá instiúidí ardoideachais, go háirithe coláistí oideachais, ag cur leis an méid cúrsaí agus eispéiris ealaíon san oideachas a chuireann siad ar fáil d'ábhar oidí. Is borradh mór don obair seo an soláthar de shraith sparánachtaí d'ealaíontóirí cónaitheacha atá tugtha ag an gComhairle Ealaíon d'instiúidí den sórt sin.

Treoirínite d'Ealaíontóirí & do Scoileanna

Cuireadh na Treoirínite d'Ealaíontóirí & do Scoileanna, a foilsíodh in 2006, ar fáil mar thoradh ar thionscnamh comhoibritheach a raibh baint ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, mar a bhí ag an am, agus leis an gComhairle Ealaíon leis. Rinne na treoirínite, a bhí faoi stiúir Ghrúpa stiúrtha a bhain leas as saineolas réimse leathan cleachtóirí "na comhordanáidí a leagan amach – idir chinn fhealsúnachta agus chinn phraiticiúla – faoinar féidir dea-chleachtas [i réimse na n-ealaíon san oideachas] a thuiscint agus a chothú".

Tá roinnt athruithe tarlaithe i dtimpeallacht na n-ealaíon san oideachas in Éirinn ó foilsíodh na Treoirínite den chéad uair. Athrú suntasach a d'eascair as an gCairt is ea seoladh acmhainn dhigiteach náisiúnta do na healaíona san oideachas: www.artsineducation.ie. I bhfianaise an tírdhreacha seo atá de shíor ag athrú, tá an Chomhairle Ealaíon, thar ceann an Ghrúpa Forfheidhmithe ar an gCairt do na hEalaíona san Oideachas, ag tabhairt faoi athbhreithniú faoi láthair ar na Treoirínite d'Ealaíontóirí & Scoileanna chun féachaint ar conas ar cheart iad a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeidh siad ábalta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar acmhainn áisiúil agus go háirithe, conas a d'fhéadfaí iad a chur i láthair mar acmhainn fhuinniúil a d'fhéadfaí a chomhtháthú leis an suíomh gréasáin www.artsineducation.ie. Tá Kids' Own Publishing Partnership ag tabhairt faoi chéim taighde agus forbartha faoi láthair thar ceann na Comhairle Ealaíon, chun bonn eolais a chur faoi nuashonrú na dTreoirínite d'Ealaíontóirí & Scoileanna. Féach ar www.artsineducation.ie

Mapáil Náisiúnta an tSoláthair Ealaíon, Ábhartha don Oideachas

Tá cáil ar an tír seo go hidirnáisiúnta as a cruthaitheachta agus a héachtaí in go leor cineálacha ealaíne. Tá mórán ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon ar fud na tíre agus glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí ealaíon ar ardchaighdeán a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar bhealach níos tairbhí do dhaoine óga. Mar sin féin, bhí ganntanas eolais agus cumarsáide maith ann, rud a chuireann cosc ar an leas féideartha is fearr a bhaint as acmhainn chomh saibhir léi. Tá tús curtha ag an nGrúpa Forfheidhmithe le pleananna chun sin a réiteach. Tá mapa idirghníomhach do sholáthar ealaíon do scoileanna beartaithe níos déanaí i mbliana. Táthar ag súil go mbeidh an mapa ar fáil ar www.artsineducation.ie agus go gcuirfidh sé eolas ar fáil faoi thionscnaimh áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta a thacaíonn le daltaí agus múinteoirí chun páirt a ghlacadh sna healaíona mar chuid lárnach dá n-oideachas in Éirinn.

Leanaí i Scoil Náisiúnta Mhuire i mBaile Coimín, Co. Chill Mhantáin - Tionscadal CRAFTed a bhúiochas do Chiara Harrison

Táthar ag súil go sainaithneoidh an próiseas mapála náisiúnta áiteanna sa tír a bhfuil freastal maith orthu ó thaobh soláthar na n-ealaíon san oideachas, agus freisin áiteanna ina bhfuil bearnaí le súil is leigheas a fháil do cheantair den sórt sin.

Music Generation

Is é Music Generation infreastruchtúr neamhghnáth náisiúnta na hÉireann a bunaíodh le déanaí ar mhaithe le hoideachas ceoil thaibhithe; arna thionscnamh ag Music Network, síolchistithe go daonchairdiúil, agus cómhaoinithe faoi láthair ag U2 agus Cistí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (CAOC). Bunaíodh an t-infreastruchtúr seo den chéad uair in 2010. Go dtí seo tá 11 Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil bunaithe. Mhainigh Music Generation gach CAOC ar bhonn 50% ar feadh trí bliana agus ina dhiaidh sin cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú 50% ar fáil. Le linn na chéad cúig bliana, tá tacaíocht tugtha ag Music Generation, ar bhonn céimniúil agus ar bhonn cómhaoinithe, do 11 Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil (CAOC) chun seirbhísí oideachais don cheol taibhithe neamhghnáth a chur ar fáil in 12 áit ar fud na tíre. Tá CAOC bunaithe go háitiúil agus faoi stiúir an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nó an Údaráis Áitiúil agus comhordaitheoir CAOC. Baineann siad leas as comhpháirtíocht leathan ar fud comhlachtaí reachtúla áitiúla agus réimse eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe go háitiúil agus eagraíochtaí (príobháideacha san áireamh) eile. Oibríonn na CAOCanna le grúpa stiúrtha chun a sprioc a bhaint amach maidir le hoideachas ceoil urlise agus ghutha a chur ar fáil atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach, inrochtana, éagsúil, cruthaitheach agus inbhuanaithe agus a ndéantar dearadh air agus a chuirtear ar fáil go háitiúil laistigh d'infreastruchtúr náisiúnta.

Léiríonn an tuarascáil staidrimh is déanaí ó Music Generation go bhfuil os cionn 26,000 leanbh agus duine óg rannpháirteach faoi láthair in 80 clár éagsúil oideachais ceoil neamhghnáth in os cionn 360 ionad éagsúil, ag baint leas as saineolas bhreis is 300 ceoltóir. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar na figiúirí rannpháirtíochta agus cláraíodh 19,119 duine an bhliain roimhe sin. Mar sin féin, níl i bhfigiúirí láidre rannpháirtíochta ach gné amháin de sprioc Music Generation. Éilíonn siad caighdeán arda ealaíonta agus oideachais laistigh de shamhail oideachasúil neamhghnáth atá cuimsitheach go sóisialta.



ARIS – Scoileanna Láidir sna hEalaíona

Cuireann an Chairt do na hEalaíona san Oideachas dualgas ar an gComhairle Ealaíon, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, Scoileanna Láidir sna hEalaíona (ARIS) a chur chun cinn. De réir na Cairte, mar thoradh ar ARIS - “spreagfar agus aithneofar na scoileanna sin (idir bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna)

a mbeidh bealaí éagsúla acu le go mbeidh na healaíona ina bpáirt shuntasach de shaol na scoile agus le go mbeidh na healaíona i gcroílár phobal na scoile, agus tionchar acu ar na daltaí go príomha ach freisin ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí, ar bhaill foirne eile agus ar phobal na scoile”.

Tá grúpa oibre, faoi chathaoirleacht an Dr Michael Finneran thar ceann Ghrúpa Forfheidhmithe na Cairte, ag cuidiú le forbairt ARIS. Tá an grúpa oibre ag teacht le chéile le linn na tréimhse Márta-Iúil 2016 le plan féideartha forfheidhmithe a fhorbairt do chéad chéim Ealaíon thar thréimhse trí bliana (2017-2019). Chun bonn eolais a chur faoi phróiseas an ghrúpa oibre agus chun réimse páirtithe leasmhara tábhachtacha a chloisteáil, tá roinnt seisiún idirphlé tionólta ag an gComhairle Ealaíon, lena n-áirítear ceardlann ag Lá Náisiúnta na nEalaíon san Oideachas a reáchtáladh le déanaí in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Cuirfear fáilte chroíúil roimh aighneachtaí scríofa ó dhuine ar bith a bhfuil suim acu sa réimse seo, lena n-áirítear daltaí, múinteoirí, ceannairí scoile, ealaíontóirí agus cláraitheoirí nó éascaitheoirí scoile atá ag obair le foireann Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachais na Comhairle Ealaíon www.artscouncil.ie.

Comhpháirtíochtaí Áitiúla an Oideachais Ealaíon (LAEP)

Is cuspóir de chuid na Cairte do na hEalaíona san Oideachas iad Comhpháirtíochtaí Áitiúla an Oideachais Ealaíon (LAEPanna) agus, de réir mar a fhobróidh siad, cuirfidh siad go mór le fréamhú na n-ealaíon san oideachas ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach mar sholáthar normatach. Tá LAEP an Chabháin - Mhuineacháin ina cheannródaí sa réimse seo ach tá Boird Oideachais agus Oiliúna eile, chomh maith le húdaráis áitiúla agus comhpháirtithe eile ag beartú tionscnamh mar é. Tá an cumas ag an tionchar a bhíonn ag iarrachtaí comhoibríocha na ngníomhaireachtaí reachtúla, na n-údarás áitiúil agus na mBord Oideachais agus Oiliúna, i gcomhar leis na hionaid oideachais réigiúnacha agus gníomhaireachtaí eile, athmhúnlú a dhéanamh ar thírdhreach sholáthar na n-ealaíon san oideachas in Éirinn chun tairbhe daoine óga ar fud na tíre.

Polasaithe Scoileanna

Samhlaítear sa Chairt go gcuimseoidh scoileanna, ina bpolasaithe agus ina bpleananna scoile, deiseanna ealaíon san oideachas mar ghné thábhachtach de shaibhriú an churaclaim agus shaol ginearálta na scoile. Tá aontú chigireacht na scoileanna faighte ag an nGrúpa Forfheidhmithe cuidiú le scoileanna i dtaca leis an ngné seo dá bpleanáil agus dá féinmheasúnú. Tá tacaíocht na n-údarás sa Roinn Oideachais agus Scileanna faighte ag an nGrúpa chomh maith chun go mbeidh soláthar do na healaíona san oideachas léirithe i ndearadh agus i bhfeistiú foirgnimh scoileanna. Tá comhpháirtíocht chómhalartach leis an gComhairle Ealaíon bunaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcur chun cinn na n-ealaíon i scoileanna, mar atá leagtha amach sa Chairt.



Cúrsa Samhraidh Múinteoirí maidir leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach - Is é an aidhm atá leis ná acmhainn feabhsaithe scileanna agus eolais a chur ar fáil do rannpháirtithe ionas go bhféadfaidh siad curaclam na n-amharcealaíon a chur ar fáil go héifeachtach.

Taighde sna hEalaíona san Oideachas

Tagraíonn an Chairt do na hEalaíona san Oideachas don ghá atá le rochtain ar thaighde a thógann ar dhea-chleachtas reatha agus a bhreathnaíonn ar shamhlacha nua ealaíon agus ar chleachtas scoile chun foinse eolais agus taithe a chruthú do lucht déanta polasaí agus do chleachtóirí. Bhí an Grúpa Forfheidhmithe i mbun cumarsáide le hinstitiúidí ardoideachais agus le comhlachtaí gaolmhara ar an mbealach is fearr a bhféadfaí stór taighde den sórt sin a bhunú mar fhoinsé leanúnach soláthar den sórt sin. Tá plé fós ar bun le súil is go bhféadfaí stór den sórt sin a bhunú mar chuid d'acmhainn dhigiteach náisiúnta.

Nóta Scoir

Is am dúshlánach agus spreagúil é a bheith rannpháirteach i gcur chun cinn na n-ealaíon san oideachas in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is éard atá ar bun le blianta beaga anuas ná treisiú athrú cultúrtha, sa mhéid is go bhfuil ré nua ag oscailt do chomhtháthú uilíoch na n-ealaíon mar ghné lárnach d'oideachas iomlánaíoch dhaoine óga na hÉireann. Tá thart ar mhilliún saoránach ag freastal ar scoileanna stáit in Éirinn. Tá siad ag céim mhúnlaitheach agus fhiosrach dá bhforbairt agus is furasta dul i bhfeidhm orthu. Ní mór a bhfiosracht, a n-intlíocht, a gcruthaitheacht, a samhlaíocht agus a bhforbairt aestéitiúil a chothú trí rannpháirtíocht leis na healaíona - mar ghlacadóirí agus mar cleachtóirí, laistigh agus lasmuigh den scoil araon. Is féidir le rannpháirtíocht den sórt sin mórán a dhéanamh chun na saoránaigh cruthaitheacha, samhlaíocha, nuálacha a chothú ar mhaithe leo féin agus leis an tsochaí san aonú haois is fiche. Teastaíonn comhoibriú agus comhpháirtíocht gach gníomhaireacht chun an fuinneamh a choinneáil ag imeacht. Níl cur i bhfeidhm na Cairte do na hEalaíona san Oideachas réidh fós. Tá an Grúpa Forfheidhmithe ag súil go mór le bheith ag obair leis na daoine go léir a bhfuil suim acu i gcuspóirí na Cairte.